Ar thug tú cuairt ar www.cro.ie fós?

Seirbhísí ar Líne

Úsáid barra na méar chun cuardach cuideachta a sheoladh. Cuardaigh an clár de réir ainm nó uimhir na cuideachta le haghaidh ionsonraí bunúsacha saor in aisce ar níos mó ná 500000 cuideachta idir bheo agus díscaoilte agus 460000 ainm cuideachta.

Má theastaíonn faisnéis chuideachta níos mionsonraithe uait is féidir leat doiciméid a ordú ar líne, mar shochar bliantúil, cuntais chuideachta nó asphrionta cuideachta. Is féidir íoc astu le cárta creidmheasa.

Spáráil do chuid ama trí fhoirmeacha a chomhlánú ar líne. Cuir athrú seolta nó athrú ar ainm na cuideachta in iúl dúinn saor in aisce.

Déan stádas d'aighneachta a sheiceáil am ar bith agus oscail foirmeacha mar chóipeanna agus athúsáid iad.

Faigh deimhniú dúblach saor in aisce ag am ar bith. Is féidir an deimhniú corpraithe nó cláir ghnó seo a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim nuair atáthar ag cur isteach ar nó ag athnuachan nó ag aistriú ceadúnas deochanna meisciúla.

Bí ar an eolas

Cuir d'ainm síos le haghaidh an tseirbhís nuachtlitir ríomhphoist saor in aisce agus coinneoimid bord ar bhord tú le gach scéal nua ag an CRO.

Déan foirmeacha agus foilseacháin a íoslódáil Brabhsáil tríd an tsraith de bhileoga faisnéise againn agus breathnaigh an chóip is nua den ráiteas faisnéise do stiúrthóirí cuideachta againn, Ceisteanna Comhlíonta Chorparáidigh

Faisnéis bhreise
Bí i dteagmháil leis an roinn echomhdaithe trí ríomhphost ag electronic_filing@djei.ie nó 01-8045355/5374

Faisnéis bhreise

Céard is ainm gnó ann?

Ainm é á úsáid chun gnó a dhéanamh ag aon duine, cuideachta chorparáideach nó comhpháirtíocht (cibé acu de dhaoine agus / nó de chuideachtaí corparáideacha) a bhfuil ionad gnó aige i bPoblacht na hÉireann agus nach ionann an t-ainm atá air agus a n-ainm/ainmneacha féin.

Cad iad na ceanglais chláraithe?

Ní mór iarratas um chlárú a chur faoi bhráid an CRO taobh istigh de mhí amháin ó dháta glactha an ainm ghnó.

Do Náisiúnaigh Neamh AE – Ní mór cead gnó a lorg ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí sula dtosaítear ag trádáil in Éirinn. Astaigh le do thoil fotacóip de bhrollach agus cúl cárta stampa 4 reatha le hiarratas an ainm ghnó.

Cén áit ar féidir liom faisnéis níos mionsonraithe a fháil ar ainmneacha gnó?

Tabhair cuairt ar www.cro.ie nó léigh an bhileog eolais 14.

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200 **Faics:** +353 1 804 5222
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Parnell House, 14 Parnell Square, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200 **Fax:** +353 1 804 5222
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie

cro
AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

D'AINM GNÓ A CHLÁRÚ AR LÍNE

D'AINM GNÓ A CHLÁRÚ AR LÍNE

Céim 1 - Riachtanais an chórais

Chun comhdú ar líne beidh na nithe seo a leanas de dhíth ort:

- Cuntas r-phoist atá ag obair.
- Adobe Reader 5, nó leagain níos déanaí, ar do ríomhaire (saor in aisce ó www.adobe.com).
- Printéir chun leathanach na sínithe a phriontáil.

Má tá bogearraí frithvíreas ar do ríomhaire, cumasaigh Míreanna Anuas chun amharc ar leathanach na sínithe.

Céim 2 - Clárú

Chun comhdú ar líne beidh ort: clárú le CORE sa chéad dul síos. Is próiseas simplí é seo.

- Logáil isteach ar www.core.ie.
- Ar thaobh na láimhe deise den leathanach, cliceáil ar CLÁRAIGH atá le feiceáil faoin cheist NUA DO CORE? agus lean na treoracha ar an scáileán Má tá tú cláraithe le comhdú ar líne cheana, féadann tú d'ainm úsáideora agus focal faire atá agat a úsáid.



Céim 3 - Comhlánú na foirme

- Cliceáil ar "Comhdaigh Foirm" agus roghnaigh "Clárú Ainm Gnó" ón spás oibre. Lean na treoracha, ag cinntiú go léann tú gach teachtaireacht a théann aníos go cúramach.
- Tuilleadh sonraí le cuidiú leat. Nuair atá sí réidh, cliceáil Cuir Foirm Isteach. Osclóidh an cnaipe "Cabhair" leathanach treoracha. Roghnaigh cineál Ainm Gnó a bha mhian leat clárú m.sh. duine aonair agus cliceáil Ar Aghaidh.

Céim 4 - Iontráil sonraí faoin ainm gnó

Tabhair an t-ainm gnó faoina bhfuil sé ar intinn agat trádáil agus nádúr an ghnó. Ní mór cur síos iomlán a dhéanamh. Cliceáil Lorg chun NACE classification a fháil.

Ní mór áit an ghnó bheith i bPoblacht na hÉireann. Iontráil an chéad dá líne den seoladh ar a laghad agus cliceáil Bailíochtaigh seoladh. Déanfar an seoladh a bhailíochtú in aghaidh geo-eolaire An Post.



Céim 5 - Iontráil sonraí faoin duine ar leis/léi an t-ainm gnó.

Iontráil sonraí faoi úinéir an ainm ghnó. If you are a non-EU national, you will need to enter your Garda National Immigration Bureau Number. Nuair a bheas tú réidh cliceáil Ar Aghaidh.

Céim 6 - Sonraí ar an Láithreoir

Chomhlánódh sonraí ar an Láithreoir roimh ré le sonraí a iontráladh ar chlárú le CORE. Is é seo an seoladh a seolfar Deimhniú an Ainm Ghnó chuige. Cliceáil Ar Aghaidh.

Taispeántar Amharc Iomlán duit ar shonraí a d'iontráil tú le hathbhreithniú. Ón scáileán sin cliceáil ar Seiceáil Foirm le cinntiú gur iontráladh an fhaisnéis uile atá de dhíth. Má fágadh aon fhaisnéis amach, iarrtar ort faisnéis atá ar iarraidh a iontráladh.

Céim 7 - Déan an leathanach sínithe a phriontáil agus a shíniú

Nuair a dhéanfar an cnaipe Cuir Isteach a chliceáil, ginfear leathanach sínithe, a bheas ort é a phriontáil agus a shíniú.

Ba cheart an leathanach sínithe a sheoladh chuig an CRO le clárú in éineacht le doiciméadú riachtanach eile Tá táille chomhdaithe €20 le híoc (tá sé seo níos saoire ná iarratas a chomhlánú ar pháipéar, ar a bhfuil táille chomhdaithe €40 mar tá próiseas clárúcháin níos faide ag baint leis).



Do Spás Oibre

Tá an leathanach agus an doiciméad clárúcháin ar fáil i do spás oibre mar thagairt duit sa todhchaí. Is féidir cóip den leathanach sínithe a phriontáil anseo má bhí aon deacracht agat tríd an bpróiseas níos luaithe.

Má sheoltar an doiciméad ar ais chugat do chúis ar bith, féadfaidh tú eagrú a dhéanamh air i do spás oibre trí chliceáil ar an Íocón Cuir in Eagar & Athchuir Isteach. Beidh ort leathanach nua sínithe a ghiniúint má dhéanann tú athrú ar an bhfoirm. Ní mheasfar gur glacadh leis an doiciméad sa CRO go dlíthiúil go dtí go bhfuarthas an leathanach sínithe agus an táille.